


# Galar na gCnámh Briosca

*Most people with OI [Brittle Bone Disease], with support and specialized equipment, can lead active and fulfilled lives.*

Patricia Minor údar *What Life is Like Living with OI*,  
PublishAmerica: Frederick, MD, (2006); ó  
<http://www.freewebs.com/sputnik490/mybooks.htm>

Is galar cnámharlaigh é galar na gcnámh briosca a bhfuil sobhríocht mhínormálta na gcnámh mar shaintréith aige. Cuireann an galar isteach ar an gcollaigin (comhpháirt thábhachtach de chnámha, de theannáin agus den chraiceann) agus bristear cnámha go héasca dá bharr – bíonn briseadh rialta cnámh ann, agus seans go mbeidh na cnámha lag dá bharr seo. Déantar ballbhrú go héasca ar dhaltá a mbíonn galar na gcnámh briosca orthu agus ceaptar go bhfuil siad místuama nó tugtha do thimpistí. Is ciotóga iad a lán de na daltaí a mbíonn galar na gcnámh briosca orthu, toisc go mbíonn minicíocht ard de bhrísteacha sa lámh dheas. Ní dóiche go mbeidh deacrachtaí foghlama ag daltaí a bhfuil galar na gcnámh briosca orthu ná go mbeidh na deacrachtaí sin ag an gcuid eile dá gcuid piaraí.





### Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Tabhair breis ama chun tascanna a chur i gcrích.
- Coinnigh áiteanna (seomraí ranga nó limistéir rochtana) néata, laghdaíonn seo an baol go dtitfidh an dalta.
- Seans go mbeidh ar dhaltaí dul siar ar obair scoile a bhí ar siúl nuair a bhí siad san ospidéal. Más féidir leat, téigh i dteagmháil le tuismitheoirí/cúramóirí faoi seo.
- Seans go mbeidh ar dhaltaí triail a bhaint as cineálacha difriúla pinn agus páipéir.
- Beidh sé deacair ag daltaí bheith rannpháirteach i gcluichí, i gcorpoideachas agus i ngníomhaíochtaí coirp eile agus caithfear tascanna a chur in oiriúint dóibh. B'fhéidir, úsáid slacáin éadroma agus liathróidí éadroma, gathanna cúir, srl.
- Téigh i gcomhairle leis an teiripeoir saothair maidir leis an gcineál suíocháin agus deisce is oiriúnaí don dalta.
- Seans go mbeidh áiseanna ag teastáil ó na daltaí chun cabhrú leo gluaiseacht timpeall.
- Seans go mbeidh ar na daltaí áiseanna a úsáid chun cabhrú leo scríobh.
- Toisc go mb'fhéidir gur próiseas mall í an scríbhneoireacht le haghaidh na ndaltaí seo, cabhróidh bileoga nótaí leo.
- Leag amach clár ama le haghaidh' cairde staidéir' chun cabhrú le daltaí ábhair fhoghlama a eagrú, agus ná déan dearmad, ag an am céanna, neamhspleáchas na ndaltaí a chur chun cinn chomh fada agus is féidir.
- Smaoinigh ar theicneolaíocht a úsáid a chabhróidh leis na daltaí.
- Má tá daltaí ina ann gluaiseacht timpeall, caithfear socruithe a dhéanamh chun an baol a laghdú go mbuailfidh daltaí eile fúthu nó go leagfaidh daltaí eile iad (m.sh. seans go mbeidh ar na daltaí seo fanacht sa seomra ranga go dtí go n-imíonn na daltaí eile amach ar dtús).
- Má úsáideann daltaí cathaoireacha rotha, crom síos chun labhairt leo ionas go mbeidh siad in ann tú a fheiceáil.
- Deasca a bhfuil cruth bord orthu, seans go mbeidh a leithéid ag teastáil ó dhaltaí, má tá cathaoir rotha acu, chun dóthain spáis a chur ar fáil do na cosa.
- Seans go mbeidh ort an clár bán/dubh sa seomra ranga a íslíú má tá an dalta i gcathaoir rotha.
- Úsáid tacaí, racaí léitheoireachta inaistrithe nó deasca incheartaithe ionas go mbeidh sé níos éasca ag an dalta léitheoireacht a dhéanamh.



## Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Algozzine, B. agus Ysseldyke, J.E. (2006) *Teaching Students with Medical, Physical and Multiple Disabilities: A Practical Guide for Every Teacher*, Thousand Oaks, CA: Corwin Press.
2. An Clinic Lárnach Íocshláinteach, Éire: soláthraítear raon sainseirbhísí anseo do leanaí agus d'aoisigh a mbíonn míchumais fhisiceacha orthu, láithreán gréasáin: <http://www.crc.ie/>
3. Brittle Bone Society a sholáthraíonn tacaíocht agus comhairle maidir le galar na gcnámh briosca, láithreán gréasáin: <http://www.brittlebone.org/>
4. Cumas Éireann (Enable Ireland): soláthraíonn siad seirbhísí do leanaí agus dá dteaghlach, a chlúdaíonn gnéithe d'fhorbairt fhisiceach, oideachasúil agus shóisialta an linbh ón luath-naíonacht go hógántacht. Soláthraíonn Cumas Éireann seirbhísí d'aoisigh chomh maith, láithreán gréasáin: <http://www.enableireland.ie/>
5. Fox, M. (2003) *Including Children 3-11 with Physical Disabilities: Practical Guidance for Mainstream Schools*, Londain: David Fulton Publishers.
6. Grogan, M. (2007) *Partners in Education: A Handbook on Disability Awareness and Inclusive Practices for Students with Disabilities* (2ú eag.), Uíbh Fhailí: Ionad um Maireachtáil Neamhspleách Uíbh Fhailí. Ar fáil ó Michael Nestor, IMN Uíbh Fhailí. Teil: 0579322832/24144 ríomhphost [ocil@eircom.net](mailto:ocil@eircom.net)
7. Soláthraíonn an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (LNTO) comhairle ar an mbealach chun tacú le daltaí a mbíonn míchumais fhisiceacha orthu, láithreán gréasáin: <http://www.ncte.ie/>
8. Soláthraíonn an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (STOS) eolas ginearálta maidir le míchumais fhisiceacha, láithreán gréasáin: <http://www.sess.ie/>